



PREASEISIÚINT Uimh. 64/25

Lucsamburg, 5 Meitheamh 2025

Tuairim an Abhcóide Ghinearálta i gCás C-769/22 | an Coimisiún v an Ungáir ('Luachanna an Aontais Eorpaigh')

Luachanna an Aontais: Measann an tAbhcóide Ginearálta Ápeta, trí thoirmeasc nó srian a chur ar rochtain ar ábhar LADTI, gur sháraigh an Ungáir dlí an Aontais

Molann sí gur cheart don Chúirt a chinneadh freisin go ndearnadh sárú neamhspleách ar Airteagal 2 CAE, ina leagtar amach bunluachanna an Aontais Eorpaigh

Le Dlí LXXIX 2021 lena nglactar bearta níos déine i gcoinne daoine a ciontaíodh i bpéidifilia agus lena leasaítear dlíthe áirithe chun leanaí a chosaint, thug an Ungáir roinnt leasuithe isteach ar ghníomhartha reachtacha náisiúnta éagsúla (na leasuithe). Le roinnt de na leasuithe sin, a glacadh, dar leis an Ungáir, arb é is aidhm dóibh mionaoisigh a chosaint, cuirtear toirmeasc nó srian iarbhair ar rochtain ar ábhar a léiríonn nó a chuireann chun cinn 'féiniúlachtaí inscne nach gcomhfhreagraíonn don ghnéas a tugadh nuair a rugadh iad, d'athshannadh gnéis nó do homaighnéasacht' ('ábhar LADTI'). Thug an Coimisiún caingean um shárú os comhair na Cúirte Breithiúnais i gcoinne na hUngáire maidir leis na leasuithe sin. Iarrann sí ar an gCúirt a chinneadh gur sháraigh an Ungáir dlí an Aontais ar thrí leibhéal éagsúla: dlí príomha agus tánaisteach a bhaineann leis an margadh inmheánach i seirbhísí, ¹ chomh maith leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ('RGCS'); ² roinnt ceart i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'); agus Airteagal 2 CAE. ³

Molann an tAbhcóide Ginearálta Tamara Ápeta go rialóidh an Chúirt go bhfuil bunús maith leis an gcaingean i ndáil le gach foras.

Ar an gcéad dul síos, sáraíonn **na leasuithe sin an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar agus a fháil** mar a chumhdaítear i ndlí príomha an Aontais agus i bhforálacha amháin nó roinnt forálacha **den Treoir maidir le tráchtáil leictreonach, den Treoir um Sheirbhísí, den Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc, chomh maith le RGCS.**

Ar an dara dul síos, **cuireann na leasuithe sin isteach freisin ar roinnt ceart bunúsach a chosnaítear leis an gCairt, eadhon toirmeasc ar idirdhealú ar bhonn gnéis agus gnéaschlaonta, ⁴ meas ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh, ⁵ an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, ⁶ chomh maith leis an gceart chun dínit an duine.** ⁷ Dar leis an Abhcóide Ginearálta, ní féidir údar a thabhairt leis an gcur isteach sin mar gheall ar na cúiseanna a chuir an Ungáir chun cinn, eadhon forbairt shláintiúil mionaoiseach a chosaint agus ceart tuismitheoirí a leanaí a thógáil de réir a gciontuithe pearsanta. ⁸ I ndáil leis sin, míníonn an tAbhcóide Ginearálta, in ainm mionaoisigh a chosaint, go dtoirmisctear le reachtaíocht na hUngáire atá i gceist gnáthshaol daoine LADTI a léiriú, agus nach bhfuil sé teoranta do mhionaoisigh a chosaint ar ábhar pornagrafach, rud a bhí toirmiscthe leis an dlí san Ungáir cheana féin roimh na leasuithe.

Níor thairg an Ungáir aon chruthúnas ar an mbaol a d'fhéadfadh a bheith ann go ndéanfaí dochar don ábhar, rud a léiríonn gnáthshaol daoine LGBTI d'fhorbairt shláintiúil mionaoiseach. Dá bhrí sin, **tá na leasuithe sin bunaithe ar**

bhreithiúnas luacha nach bhfuil an luach céanna ná an stádas céanna ag an saol homaighnéasach ná ag an saol neamh-inscneach agus atá ag saol heitirighnéasach agus cisinscneach.

Ar an tríú dul síos, tá an tAbhcóide Ginearálta den tuairim gur cheart don Chúirt, mar a d'iarr an Coimisiún, sárú neamhspleách ag Ballstát **ar Airteagal 2 CAE** a shuí, lena leagtar amach na luachanna bunúsacha ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe.

Cuireann an AG Ćapeta in iúl go bhforbraítear dlíchóras an Aontais trí idirphlé. Ciallaíonn sé sin go bhféadfadh fiseanna éagsúla a bheith ann maidir leis an gcaoi ar cheart luachanna coiteanna a 'chomhdhlúthú'. Níor cheart sárú ar Airteagal 2 CAE a bheith mar thoradh ar easaontais faoi ábhar na gceart bunúsach nó ar éagsúlachtaí maidir le dhá cheart bhunúsacha nó níos mó a chothromú. Tá siad mar chuid den idirphlé bunreachtúil i gcóras dlí an Aontais, rud a fhágann gur féidir 'cinntí' éagsúla ar chearta a bheith ann. Mar sin féin, ní chuireann easaontais den sórt sin na luachanna iad féin ar neamhní.

Níor cheart a chinneadh go ndearnadh sárú ar Airteagal 2 CAE ach amháin má chinneann an Chúirt gur sháraigh Ballstát ceart Cairte toisc gur bhréagnaigh sé an luach a chomhlíonann an ceart sin.

Sa chás seo, tá an tAbhcóide Ginearálta den tuairim nach féidir daoine LADTI a bhfuil urraim chomhionann tuillte acu sna Ballstáit a chonspóid trí idirphlé. Is iad dímheas agus imeallú grúpa i sochaí na 'línte dearga' a fhorchuirtear le luachanna an chomhionannais, dhínit an duine agus an mheasa ar chearta an duine.

Dá bhrí sin, measann sí, **trí cheist a chur faoi chomhionannas daoine LADTI, nach bhfuil easaontas ná éagsúlacht maidir le luachanna an Aontais Eorpaigh á léiriú ag an Ungáir. Ina ionad sin, chuir an Ballstát sin roinnt de na luachanna bunúsacha sin ar neamhní agus, dá bhrí sin, d'imigh sé go mór ó shamhail an daonlathais bhunreachtúil, a léirítear in Airteagal 2 CAE.**

NÓTA: Níl Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ina ceangal ar an gCúirt Bhreithiúnais. Is é ról na nAbhcóidí Ginearálta réiteach dlíthiúil ar na cásanna a bhfuil siad freagrach astu a mholadh don Chúirt, ar bhealach atá go hiomlán neamhspleách. Tá Breithiúna na Cúirte ag cur tús anois lena bplé sa chás seo. Tabharfar breithiúnas ar dháta níos déanaí.

NÓTA: Féadfaidh an Coimisiún nó Ballstát eile caingean a thionscnamh mar gheall ar mhainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh atá dírithe i gcoinne Ballstáit nár chomhlíon a oibleagáidí faoi dhlí an Aontais Eorpaigh. Má chinneann an Chúirt Bhreithiúnais gur mainníodh oibleagáidí a chomhlíonadh, ní mór don Bhallstát lena mbaineann breithiúnas na Cúirte a chomhlíonadh gan mhoill. I gcás ina measfaidh an Coimisiún nár chomhlíon an Ballstát an breithiúnas, féadfaidh sé gníomhaíocht eile a thionscnamh chun pionóis airgeadais a lorg. Mar sin féin, mura dtugtar fógra don Choimisiún faoi bhearta lena dtrasuitear treoir, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais, ar thogra ón gCoimisiún, pionóis a ghearradh ag céim an chéad bhreithiúnais.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear [téacs iomlán](#) na Tuairime ar shuíomh gréasáin CURIA lá a fhógartha.

Teagmháil phreasa: Jacques René Zammit ☎ (+352) 4303 3355.

Tá pictiúir de chraoladh na Tuairime ar fáil ó [‘Europe by Satellite’](#) ☎ (+32) 2 2964106.

Fanaigí i dteagmháil linn!



¹ Eadhon [Airteagal 56](#) CFAE agus na hionstraimí seo a leanas de dhlí tánaisteach an Aontais: [Treoir 2000/31/CE](#) maidir le tráchtáil leictreonach, [Treoir](#)

[2006/123/CE](#) maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach, [Treoir 2010/13/AE](#) maidir le seirbhísí na meán closamhairc a sholáthar.

² [Rialachán \(AE\) 2016/679](#) maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí).

³ Luaitear an méid seo a leanas in [Airteagal 2](#) den Chonradh ar an Aontas Eorpach: ‘Tá an tAontas fothaithe ar luachanna an mheasa ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus an mheasa ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad. Is comhluchanna ag Ballstát na luachanna sin i sochaí arb iad is sainairíonna inti an t-íolrachas, an neamhidirdhealú, an chaoinfhulaingt, an ceartas, an dlúthpháirtíocht agus an comhionannas idir mná agus fir.’

⁴ [Airteagal 21](#) den Chairt.

⁵ [Airteagal 7](#) den Chairt.

⁶ [Airteagal 11](#) den Chairt.

⁷ [Airteagal 1](#) den Chairt.

⁸ [Airteagal 14\(3\)](#) den Chairt.